# Eagarthóir Nuachta x 2

Is mian le TG4 beirt Eagarthóirí Nuachta a earcú don tseirbhís dhigiteach nuachta nua a bheidh ag tosú in 2026.

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar na hardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá TG4 ag earcú Eagarthóir / Léiritheoir Nuachta agus Cúrsaí Reatha - Ábhair Dhigitigh faoi láthair a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge den scoth a bheith ag iarrthóir, idir scríobh agus labhairt na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó gur duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Ag tuairisciú don Cheannaire Nuachta & Cúrsaí Reatha, beidh an bheirt a cheapfar ag obair agus ar seal agus freagrach as seirbhís laethúil dhigiteach Nuacht agus Cúrsaí Reatha TG4 a mhaoirsiú agus a chur in eagar.

I gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe a bheidh na poist seo lonnaithe.

**Freagrachtaí an Phoist:**

- Scéalta nuachta a aimsiú, a bhriseadh, a roghnú agus a chur in oiriúint d'ardáin dhigiteacha nuachta TG4 lena n-áirítear suíomh nuachta nua, ardáin dhigiteacha, agus meáin shóisialta eile.
- Ardbhreithiúnas eagarthóireachta a fheidhmiú ar ábhar nuachta
- Treoir eagarthóireachta laethúil a thabhairt d'fhoireann iriseoirí, agus comhoibriú eagarthóireachta le Ceannaire Nuachta & Cúrsaí Reatha TG4 agus le foireann teilifíse Nuacht TG4
- A chinntiú go bhfuil gach ábhar ag teacht le dlí na meán in Éirinn agus le cód nuachta Choimisiún na Meán
- Eagarthóireacht a chur i bhfeidhm agus treoir eagarthóireachta a thabhairt ar scéalta nuachta atá á léiriú agus á scríobh do sheirbhís nuachta TG4.
- Scéalta iriseoirí a phrofáil agus a cheartú.
- Cur chuige nuálaíoch a ghlacadh i dtaobh scéalta físe nuachta a léiriú agus a chur in oiriúint d'ardáin dhigiteacha éagsúla, le béim ar ábhar nuachta gearrfhoirme.

- Scripteanna a scríobh agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu do mhíreanna físe.
- Athchóiriú a dhéanamh ar scéalta nuachta agus cúrsaí reatha eile lena gcur in oiriúint do na meáin dhigiteacha.
- Pleanáil chun cinn a dhéanamh.
- An fhoireann agus na hiriseoirí a fhorbairt i gcomhar leis an gCeannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha
- Treoir a ghlacadh ón gCeannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha chun straitéis nuachta a chur chun cinn.
- Comhoibriú le foireann teilifíse Nuacht TG4 chun seirbhís nuachta ilardáin a chur ar fáil don lucht féachana.
- Cur le branda na nuachta agus le feidhm na nuachta i TG4 i gcomhar leis an gCeannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha

**Riachtanais don Ról:**

- Sárthaithí agus tuiscint ar chúrsaí nuachta
- Grinntuiscint ar shaol na Gaeltachta, na Gaeilge agus na hÉireann.
- Tá cruinneas i scríobh agus labhairt na Gaeilge riachtanach don phost.
- Taithí ábhartha eagarthóireachta nó iriseoireachta idir scríofa, digiteach nó craolta.
- Tuiscint ar fheidhm nuachta TG4, nuacht do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta agus ar straitéis lucht féachana TG4.
- Tuiscint ar fhís agus ar bhranda TG4
- Taithí ar fhoireann a bhainistiú nó a chomhordú
- Sárthuiscint ar na meáin shóisialta, agus tuiscint ar fhorbairt lucht féachana ar líne
- Bheadh tuiscint nó taithí ar phatrúin úsáide idirlín (UX), SEO, Google Analytics ina bhuntáiste sa phost seo.
- Ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Dearcadh dearfach, solúbtha, eagraithe agus ábalta oibriú faoi bhrú.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, go solúbtha agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

*Tabhair ar aird: Is treoir é an sainchuntas poist seo maidir le réimsí leathana freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liostú cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

**Iarrtar ar iarrthóirí CV mar aon le litir chumhdaigh ina mbeidh smaointe ar nuacht digiteach do phost an Eagarthóra Nuachta a sheoladh chuig cv@tg4.ie roimh 4pm Dé hAoine an 10Aibreán 2026.**

## Eolas Breise don Iarratasóir

**Grád an Phoist:** Grád 3

**Uaireanta Oibre:**

Is post ar sheal oibre 78 uair sa choicís a bheidh sa phost seo. Tá an teidlíocht ar shaoire le haghaidh laethanta saoire poiblí de réir théarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |